2018. M73T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018**

---

**INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT**

(Ardleibhéal – 300 marc)

---

**DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH** **MAIDIN 9:30 – 12:30**

**TREORACHA**

1. Freagair **Roinn A** agus **Roinn B** de **Cheist 1**, agus **CEITHRE** cheist eile.

2. Ní mór na freagraí uile a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a chuirtear ar fáil.

3. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.

4. Cuirfear grafpháipéar ar fáil le haghaidh graf, de réir mar is gá.

5. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtéitear ina bun, le do thoil.

**Ceist 1.** **(100 marc)**

**Roinn A – 50 marc**

Freagair **deich gcinn ar bith** acu seo a leanas go hachomair:

**(a)** Úsáidtear thonnta ultrasonacha i mbraiteoirí páirceála a chabhraíonn chun feithiclí a pháirceáil agus a stiúradh. Mínigh conas a fheidhmíonn na braiteoirí ultrasonacha.



**(b)** Mínigh an téarma *fachtóir sábháilteachta*.

**(c)** Mínigh **dhá** chúis a n-úsáidtear miotal tíotáiniam i bhfeidhmeanna máinliachta mar ailt athchuir agus ionchlannáin fiacaile.

*Diosca coscáin*



**(d)** Úsáidtear córas coscánaithe diosca i mótarfheithiclí nua-aimseartha ina mbrúitear pillín coscáin i gcoinne an diosca atá ag rothlú chun an fheithicil a mhoilliú nuair a bhrúitear ar na coscáin. Mol miotal a bheadh oiriúnach i ndéantúsaíocht an diosca coscáin.

**(e)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil poill i ndearadh an diosca coscáin seo.

**(f)** Is é tiús an diosca coscáin ná 22 mm le lamháltas +/- 0.15 mm. Tabhair uas-tiús inghlactha an diosca coscáin.

**(g)** As snáithín carbóin a dhéantar blaosc an chlogaid le haghaidh na peile Meiriceánaí a thaispeántar agus ní mór dó seasamh in aghaidh tuairte. Déan cur síos ar thástáil tuairte oiriúnach **amháin**.



**(h)** Pléigh an méid a chuir **duine amháin ar bith** acu seo a leanas leis an teicneolaíocht:
**(i)** James Dyson **(ii)** Charles Parsons **(iii)** Eileen Gray.

**(i)** Úsáidtear luaidhe i bhfleascadh dín ach is féidir go rachadh snámhaíocht miotail i bhfeidhm uirthi. Mínigh an téarma *snámhaíocht miotail*.

**(j)** Mínigh an téarma *cuimhne leaisteach* agus tagairt agat do theirmeaplaistigh.

**(k)** Is minic a roghnaítear alúmanam mar ábhar chun aeróga teilifíse don taobh amuigh a dhéanamh toisc go seasann sé in aghaidh an chreimthe. Tabhair **dhá** chúis eile a n-úsáidtear alúmanam chun aeróga teilifíse don taobh amuigh a dhéanamh.



**(l)** Tabhair breac-chúntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear iarann teilgthe chun ornáidí gairdín a dhéanamh.

**(m)** Tá níos mó daoine ag úsáid feithiclí leictreacha, i gceantair uirbeacha go háirithe. Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le feithiclí leictreacha a úsáid.



## Roinn B – 50 marc

Freagair **gach ceann** acu seo a leanas:

**(n)** Baineann a lán daoine éagsúla úsáid as aerfheithiclí gan foireann (UAV), nó ladrainn mar a thugtar orthu, lucht an airm san áireamh chomh maith le daoine a bhfuil spéis ar leith sna ladrainn. Liostaigh **dhá** fheidhm choitianta a bhaintear as ladrainn i ngach ceann de na catagóirí thíos:




**(i)** Spórt agus imeachtaí fóillíochta;

**(ii)** An talmhaíocht.

**(o)** Taispeántar leagan amach na lián i gcuadchaptar ladrainn tipiciúil. Braitheann gluaiseacht an ladrainn ar rothlú na lián *agus* ar an luas cuí. Déan cur síos ar an rothlú **agus** ar an luas a ghabhann le gach lián **A**, **B**, **C** agus **D** sna hoibríochtaí eitilte seo a leanas:

**(i)** Foluain go seasta i suíomh ard;

**(ii)** Gluaiseacht chun tosaigh sa treo ina bhfuil saighead **X**.





**(p)** Tá réimse braiteoirí san áireamh i gcóras rialaithe na heitilte agus is é an phríomhfheidhm atá acu ná a chinntiú go mbeidh an eitilt réidh, socair. Mínigh feidhmiú **dhá** cheann ar bith acu seo a leanas de réir mar a bhaineann le rialú na heitilte:

**(i)** Méadar luasghéaraithe;

**(ii)** Gíreascóp;

**(iii)** Rialaitheoir leictreonach luais.







**(q)** Is gnách go mbíonn córais loingseoireachta ladrainn ag brath ar chóras Suite Domhanda (GPS) chun iad a threorú go sábháilte. Déan cur síos achomair ar **dhá** cheann ar bith acu seo a leanas de réir mar a bhaineann le loingseoireacht:

**(i)** Tríshleasú;

**(ii)** Eitilt uathrialaitheach;

**(iii)** Filleadh abhaile uathoibríoch;

**(iv)** Eitilt chéadphearsan (FPV).





**(r)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh ar bith a úsáidtear chun déileáil le ceisteanna slándála agus príobháideachta maidir le húsáid ladrann.

**Ceist 2.** **(50 marc)**


**(a)** Baintear úsáid as cáblaí cruach i dteannas ar Dhroichead Ghleann na Bóinne Mháire Mhic Giolla Íosa ar mhótarbhealach an M1 chun an droichead a choimeád ar crochadh.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar mhodh **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid chun na cáblaí cruach ar an droichead a choinneáil slán ó chreimeadh.

**(ii)** Dean cur síos, agus léaráid(í) mar chúnamh agat, ar na prionsabail a bhaineann le tástáil teanntachta.

**(b)** Cruthaíodh na graif **A**, **B** agus **C** a thaispeántar thíos i ndiaidh tástálacha teanntachta a dhéanamh ar thrí mhiotal – copar, cruach ísealcharbóin agus cruach dhosmálta.




**(i)** Luaigh cé acu ceann de na trí mhiotal – copar, cruach ísealcharbóin nó cruach dhosmálta – is oiriúnaí do **gach** ceann de na graif **A**, **B** agus **C**.

**(ii)** Déan comparáid idir graf **A** agus graf **C** agus tagairt agat do **gach** ceann acu seo:
- cruth an ghraif
- airíonna an ábhair.

**(iii)** Déan amach ó ghraf **B**, an strus teanntachta deiridh i gcás mhiotal B.

**(c)** Cóimhiotail chré-umha a úsáidtear chun liáin a theilgean do longa móra. Mar chuid de phróiseas rialaithe cáilíochta, tá tástáil neamhscriosach le déanamh ar an liáin chré-umha a thaispeántar sula n-úsáidfear é.


**(i)** Luaigh buntáiste eacnamaíochta **amháin** agus buntáiste sábhailteachta **amháin** a bhaineann le tástáil neamhscriosach a dhéanamh ar liáin longa.



**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar tástáil neamhscriosach oiriúnaí **amháin** chun an lián a scrúdú le haghaidh fabhtanna gar do dhromchla an teilgin chré-umha.

**Ceist 3.** **(50 marc)**


**(a)** Le linn na déantúsaíochta, déantar cruachan dromchla ar na fiacla ar an sproicéad a thaispeántar.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar phróiseas teaschóireála oiriúnach d'fhiacla an sproicéid.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhabht a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le teip an sproicéid le linn an phróisis teaschóireála.

**(b)** Taispeántar cuid shimplithe de léaráid chothromaíochta an iarainn is an charbóin.




**(i)** Mínigh an t-athrú a tharlaíonn feadh líne **A** agus feadh líne **B**.

**(ii)** Ainmnigh pointe **C** agus déan cur síos ar an athrú a tharlaíonn ag an bpointe seo.

**(iii)** Déan cur síos ar ainéaladh chruach-charbón 1.2% faoi na ceannteidil a leanas:


- Teocht
- Próiseas fuaraithe
- Iarmhairtí ar an gcruach.

**(c)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chúnamh agat, ar mhodh **amháin** chun teocht foirnéise a thomhas, agus na treoirlínte seo a leanas á n-úsáid agat:

- An trealamh a úsáidtear
- Prionsabail an oibriúcháin
- Cruinneas na dtorthaí.

**Ceist 4.** **(50 marc)**

**(a)** Taispeántar réimse lochtanna i gcriostal sa laitís thíos.




**(i)** Ainmnigh na **trí** locht pointe i gcriostal sa laitís agus déan cur síos orthu.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas, agus léaráid mar chúnamh agat, ar an iarmhairt a bhíonn ag locht líne.

**(b)** Taispeánann an tábla seo teochtaí soladaithe cóimhiotail éagsúla de Chaidmiam agus de Shinc. Is é 419°C leáphointe na Since agus is é 321°C leáphointe an Chaidmiam.

| **% Since sa chóimhiotal** | **10** | **14** | **20** | **30** | **40** | **50** | **60** | **70** | **80** | **90** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tús an tsoladaithe (°C)** | 290 | 266 | 275 | 293 | 310 | 328 | 345 | 362 | 380 | 401 |
| **Deireadh an tsoladaithe (°C)** | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 | 266 |

Agus tú ag baint úsáide as an ngrafpháipéar a chuirtear ar fáil:

**(i)** Tarraing léaráid na cothromaíochta de réir an eolais a thugtar thuas agus de réir na sonraí atá sa tábla.

**(ii)** Lipéadaigh an líne leachtais, an líne soladais agus an pointe eoitéicteach.

**(iii)** I gcás an chóimhiotail ina bhfuil **60% Since**, déan amach ón léaráid cóimheas na bpasanna ag **300 °C**.

**(c)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** as **(i)**, **(ii)** nó **(iii)** thíos agus mínigh an difríocht idir na téarmaí i n**gach** ceann díobh:

**(i)** Cóimhiotal páirt-intuaslagthachta agus cóimhiotal tuaslagáin sholadaigh;

**(ii)** Saotharchruachan agus aoischruachan;

**(iii)** Insínteacht i struchtúir chiúbacha chorpláraithe (BCC) agus insínteacht i struchtúir chiúbacha éadanláraithe (FCC).

**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** Déantar an fráma feadánach don ródaí a thaispeántar as bhogchruach.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chúnamh agat, ar phróiseas táthúcháin oiriúnach chun an fráma a thaispeántar a dhéanamh.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** réamhchúram sábháilteachta atá ina ndlúthchuid den teicníc táthúcháin a roghnaigh tú.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar an tslí ar féidir le táthú ilrití tionchar a bheith aige ar chaighdeán an táthaithe.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na prionsabail a bhaineann le stuatháthú tumtha.

**(iii)** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le foirmiú slaige i stuatháthú miotail de láimh.

**(iv)** Déan cur síos ar **dhá** ghuais sábháilteachta a bhaineann le spot-táthú friotaíochta.

**(v)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí inar féidir ocsaídiú a chosc agus táthú ar siúl.

**(c)** Déan cur síos, agus léaráidí oiriúnacha mar chúnamh agat, ar na **trí** chineál lasracha a bhaineann le táthú ocsaicéitiléine. Bíodh tagairt agat do **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Comhdhéanamh gach lasrach
- Cóimheas na hocsaigine le gáis aicéitiléine i ngach lasair
- Teocht gach lasrach
- Na slite a n-úsáidtear gach lasair díobh.

**NÓ**

**(c)** Le sreang theorann a threoraítear an lomaire faiche róbatacha a thaispeántar agus úsáidtear meascán d'fhuinneamh ó chadhnraí agus de ghrianfhuinneamh chun an lomaire a chur ag gluaiseacht agus é ar obair.



**(i)** Mínigh na téarmaí seo a leanas a bhaineann le lomairí faiche róbatacha:

- Féin-nascadh;
- Braiteoirí róbatacha.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar shlí dhearfach **amháin** a dtéann lomairí faiche róbatacha i bhfeidhm ar an timpeallacht.

**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** Rinneadh an bosca dín ar an bhfeithicil a thaispeántar a dhearadh chun bagáiste a iompar agus tá sé déanta as an gcomhpholaiméir teirmeaplaisteach, Stiréin Bhútaidhé-éine Aicrilinítríle (ABS).

*Bosca dín*




**(i)** Ainmnigh próiseas monaraithe polaiméire a bheadh oiriúnach chun an bosca dín seo a dhéanamh agus, le cúnamh léaráide, déan cur síos ar an bpróiseas seo.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhreiseán polaiméire oiriúnach a úsáidtear chun feabhas a chur ar an mbosca dín do **gach** ceann díobh seo a leanas:

- feabhas ar a sholúbthacht
- cur in aghaidh gathanna ultraivialaite.

**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Cleandráil;

**(ii)** Polaiméiriú suimiúcháin;

**(iii)** Teocht athraithe gloine;

**(iv)** Fórsaí Van der Waal;

**(v)** Múnláil rothlach.

**(c)** Coimeádtar an gaothscáth ar fheithiclí áirithe ina n-áit le séalaí leaistiméire easbhrúite. Leaistiméir déanta as rubar sileacóin atá ag coimeád an ghaothscátha ar an gcarr a thaispeántar ina n-áit.

**(i)** Mínigh an téarma *leaistiméir.*



**(ii)** Mínigh an próiseas déantúsaíochta polaiméire ar a dtugtar easbhrú agus tabhair cúis **amháin** a n-úsáidtear an próiseas seo chun séalaí leaistiméire a dhéanamh.

**(iii)** Mínigh **dhá** chúis a n-úsáidtear séalaí leaistiméire chun painéil ghloine a choimeád i bhfrámaí.

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Taispeántar slis leanúnach á déanamh le linn dípháirtiú.



**(i)** Ainmnigh **dhá** ábhar óna bhféadfaí slis leanúnach a chruthú nuair a dhéantar iad a mheaisíniú.

**(ii)** Mínigh na slite a bhféadfadh cruthú slis leanúnach dul i bhfeidhm orthu seo:

- Bailchríoch dromchla
- Innealra uathoibrithe.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Mínigh an difríocht idir déadghearrthóir agus druilire sliotáin agus muilleáil ar siúl.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a ndéantar cothromú ar roth líofa.

**(iii)** Mínigh cén fáth nach bhfuil crágán trí ghiall oiriúnach chun breith ar bharra cearnógach.

**(iv)** Déan cur síos ar mhodh **amháin** chun breith go daingean ar shaotharphíosa nuair a bhíonn líomhadh dromchla ar siúl.

**(v)** Déan cur síos ar an úsáid a bhaintear as daingnitheoir fosaithe agus deil á hoibriú.

**(c)** Bíonn leithéidí lódáil agus glónrú ag dul i bhfeidhm ar rothaí meilte agus cuireann sin isteach ar chumas gearrtha an rotha meilte.

**(i)** Mínigh, agus léaráid(í) mar chúnamh agat, an difríocht idir lódáil agus glónrú rothaí meilte.

**(ii)** Déan cur síos ar phróiseas cóirithe rotha oiriúnach a úsáidtear chun rotha meilte a chóiriú.

**NÓ**

**(c)** I gcórais nua-aimseartha CNC, úsáidtear bogearraí CAD chun toisí páirte a shainiú agus úsáidtear bogearraí CAM chun an meaisín a rialú.



**(i)** Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas mar a bhaineann le teicneolaíocht CNC:

- Imchlúdach na huirlise meaisínithe
- Ionsamhlú le bogearraí
- Rialú lúibe iata.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** ghné shábháilteachta atá ina ndlúthchuid de mheaisíní CNC nua-aimseartha.

**Ceist 8.** **(50 marc)**

**(a)** Bíonn gnéithe speisialta de leapacha ospidéil ann le haghaidh chompord na n-othar agus mar shaoráid d'oibrithe cúram sláinte. Ar na gnéithe is coitianta, tá airde inathraithe don leaba iomlán agus ráillí cliathánacha inísligthe.




**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar an tslí a bhféadfadh an mheicníocht a thaispeántar airde na leapa a ardú agus a ísliú.

**(ii)** Mínigh, agus léaráid mar chúnamh agat, conas is féidir na ráillí cliathánacha a ísliú go mbeadh sé easca don othar dul isteach sa leaba.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Mínigh conas is féidir luas meaisín a mhalartú le hulóg cón céimnithe.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir meicníocht leantóir agus cheama a úsáid i mbréagán linbh.

**(iii)** Tabhair **dhá** fheidhm a bhaintear as alt uilíoch.

**(iv)** Mínigh conas is féidir le meicníocht chromáin is sleamhnóra scian leictreach a oibriú.

**(v)** Tabhair breac-chuntas ar oibriú sorcóra neomataigh atá aonghníomhach.

**(c)** Tugann an cúrsóir gailf trírothach a bhfuil mótar leictreach ann a thaispeántar thall, deis do dhaoine, atá faoi mhíchumas luaineachta, leanúint den ghalf a imirt.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar mheicníocht stiúrtha oiriúnach don chúrsóir gailf a thaispeántar.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cúrsóir ina bhfuil roth cúil amháin seachas cúrsóir ina bhfuil roth tosaigh amháin.

**NÓ**

**(c)** Úsáidtear sliseanna Ciorcad Iomlánaithe (IC) in an-chuid gléasanna leictreonacha.



**(i)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid a bhaint as sliseanna IC.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le slogaide teasa a úsáid agus sliseanna IC á sádráil.

**(iii)** Ainmnigh **dhá** chomhpháirt aschuir choitianta a úsáidtear i gciorcaid leictreonacha.

Leathanach Bán